

Ballybane Road and Castlepark Road Cycle Network Scheme

Coffey Construction Ltd. is working on behalf of Galway City Council to carry out the construction of the **Ballybane Road and Castlepark Road Cycle Network Scheme**. This project is being delivered by the Active Travel Department of Galway City Council. It is funded by the National Transport Authority and the Urban Regeneration and Development Fund.

Works are beginning on **the week of 17 February 2025** and will continue until **Q3 2026**. This letter is intended for local residents and stakeholders and outlines how the works will progress during that time. We will issue further correspondence throughout the construction period to keep you updated on the progress of the project. This letter also outlines how you can find out more information and how to contact us with any queries.

Proposed Works

The Ballybane and Castlepark Cycle Network Scheme will deliver enhanced infrastructure for all road users. The works include:

- Designated, segregated cycle lanes and footpaths on both sides of Ballybane and Castlepark Roads.
- Installation of 12 bus stops and 11 signalised pedestrian crossings.
- Realignment of junctions and raised crossings at side roads to enhance pedestrian movement.
- Full resurfacing and re-lining of both roads.
- Landscaping works.

Work Schedule

- **Ballybane Road:** Works began on **the week of 17 February 2025** near the Bothar na dTreabh junction (southbound) and will progress towards ATU.
Refer to Phase 1 in the Ballybane Road Works Phasing Order.
- **Castlepark Road:** Works begin **week of 3rd March 2025** near the Ballybane Road junction (east side) and progress towards Monivea Road Junction.
Refer to Phase 1 in the Castlepark Road Works Phasing Order.

Traffic Management

- It is anticipated that these works will be completed in **Q3 2026**.
- Traffic management measures will be in place throughout the works and some delays are to be expected.
- Two-way traffic will be maintained where possible. However, single-lane closures will occur during off-peak hours using a stop/go system. Two-way traffic will be maintained during morning and evening rush hours.
- Some minor road closures may be required, with diversions ensuring residential access. Affected residents will be notified in advance.
- We apologise in advance for any inconvenience caused and thank you for your patience and understanding.


Scheme Layout & Phasing

The project will be completed in phases, with work taking place on one side of the carriageway at a time. Both Ballybane and Castlepark Roads will have simultaneous work schedules. Once each phase is substantially complete, the new infrastructure will be opened to the public.

Ballybane Road Works Phasing order:



Castlepark Road Works Phasing order:



For Further Information on the project:

- Contact the Coffey project team: 086 3847193
- Visit the Galway City Council website (QR Co



Thank you for taking the time to read this letter.

Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin

Tá Coffey Construction Ltd. ag obair thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin a thógáil. Tá an tionscadal seo á chur i gcrích ag Rannóg Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá sé maoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

Cuirfear tús leis an obair an tseachtain dar tús an 17 Feabhra 2025 agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí R3 2026. Tá an litir seo dírithe ar chónaitheoirí agus páirtithe leasmhara áitiúla agus tugtar breac-chuntas inti ar an gcaoi a mbeifear ag tabhairt faoin obair le linn an ama sin. Seolfar tuilleadh comhfhreagrais i rith na tréimhse tógála chun tú a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atáthar a dhéanamh ar an tionscadal. Tugtar le fios sa litir seo freisin an bealach chun tuilleadh eolais a fháil agus chun teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheisteanna agat.

An Obair atá Beartaithe

Cuirfidh Scéim Líonra Rothaíochta an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin bonneagar níos fearr ar fáil do gach úsáideoir bóthair. Áirítear ar an obair a bheidh le déanamh:

- Lánaí rothaíochta agus cosáin ainmnithe, leithscartha ar an dá thaobh de Bhóthar an Bhaile Bháin agus de Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.
- 12 stad bus agus 11 thrasrian do choisithe a bhfuil comharthaí orthu a shuiteáil.
- Acomhail agus crosairí ardaithe a athailíniú ar thaobhbhóithre chun gluaiseacht coisithe a fheabhsú.
- Dromchla nua iomlán a chur ar an dá bhóthar agus na línte a chur orthu arís.
- Obair thírdhreachaithe.

Sceideal na hOibre

- Bóthar an Bhaile Bháin: Cuireadh tús leis an obair an tseachtain dar tús an 17 Feabhra 2025 gar d'achomhal Bhóthar na dTreabh (ó dheas) agus oibreofar i dtreo OTA. *Déan tagairt do Chéim 1 in Ordú Céimnithe Oibreacha Bhóthar an Bhaile Bháin.*
- Bóthar Pháirc an Chaisleáin: Cuirfear tús leis an obair an tseachtain dar tús an 3 Márta 2025 gar d'acomhal Bhóthar an Bhaile Bháin (an taobh thoir) agus oibreofar i dtreo Acomhal Bhóthar Mhuine Mheá. *Déan tagairt do Chéim 1 in Ordú Céimnithe Oibreacha Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.*

Bainistiú Tráchta

- Táthar ag súil go gcuirfear an obair seo i gcrích i R3 2026.
- Beidh bearta bainistithe tráchta i bhfeidhm le linn na hoibre agus meastar go mbeidh roinnt moilleanna i gceist.
- Coinneofar trácht dhá threo nuair is féidir. Mar sin féin, tarlóidh dúnadh lánaí aonair le linn uaireanta seachbhuaice trí úsáid a bhaint as an gcóras stop/gluais. Coinneofar trácht dhá bhealach le linn buaicthráthanna tráchta ar maidin agus tráthnóna.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá roinnt mionbhóithre a dhúnadh, le trácht ar mhalairt slí chun rochtain do chónaitheoirí á chinntiú. Cuirfear cónaitheoirí a mbeidh tionchar aige sin orthu ar an eolas roimh ré.
- Gabhaimid ár leithscéal roimh ré leat as aon mhíchaoithiúlacht a bheidh i gceist agus gabhaimid ár mbuíochas leat as do chuid foighne agus tuisceana.


Leagan Amach & Céimniú na Scéime

Cuirfear an tionscadal i gcrích i gcéimeanna, agus beidh obair ar siúl ar thaobh amháin den charrbhealach sa turas. Beidh an obair á déanamh ar Bhóthar an Bhaile Bháin agus ar Bhóthar Pháirc an Chaisleáin ag an am céanna. Oslófar an bonneagar nua don phobal de réir mar a bheidh gach céim den tionscadal críochnaithe den chuid is mó.

Ordú Céimnithe Oibreacha Bhóthar an Bhaile Bháin:



Ordú Céimnithe Oibreacha Bhóthar Pháirc an Chaisleáin:



Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal:

- Déan teagmháil le foireann tionscadail Coffey: 086 3847193
- Féach ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Cód QR)



Go raibh maith agat as an litir seo a léamh.